

Oifigeach Oideachais Cúnta (Coimeádaí Cúnta Grád II)

**An Roinn Oideachais
Ard-Mhúsaem na hÉireann**

Tá iarratais á lorg ag Ard-Mhúsaem na hÉireann ó iarrthóirí oiriúnacha chun post mar Choimeádaí Cúnta Grád II (Oifigeach Oideachais Cúnta) a líonadh sa Roinn Oideachais. Post buan lánaimseartha é seo. Trí agallaimh iomaíocha oscailte a líonfar an post.

Brief Description of position:

Beidh ról ríthábhachtach ag an Oifigeach Oideachais Cúnta mar bhainisteoir cúnta laistigh d'Fhoireann Oideachais an Mhúsaem, ag obair leis an Oifigeach Oideachais & For-rochtana chun a chinntiú go gcomhlíonann an fhoireann a sainchúram chun cláir foghlama agus rannpháirtíochta, acmhainní agus seirbhísí a sheachadadh ag Ard-Mhúsaem na hÉireann. Príomhfhreagracht a bheidh ar shealbhóir an phoist oibriú chun an Painéal de Threoraithe Neamhspleácha a fhorbairt agus a mhéadú chun a chumas a chomhlíonadh chun éascú d'ardchaighdeán a sholáthar agus aghaidh dhaonna ríthábhachtach an Mhúsaem a sholáthar dár bpobal, lena n-áirítear scoileanna.

Oibreoidh sealbhóir an phoist freisin chun an painéal a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil sé níos ionadaí do shochaí na hÉireann, i dtéarmaí a héagsúlachta cultúrtha agus raon casta na riachtanas foghlama sna hearnálacha oideachais idir fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil.

Áireofar leis an ról freisin freastal ar an éileamh méadaithe ó lucht éisteachta sna hearnálacha oideachais fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil ar eispéiris foghlama chumaisc, ar an láthair ag an Músaem agus ar líne, sa seomra ranga mar shampla.

TREORACHA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH

Iarrtar ort d'iarratas a chur isteach ar an roinn folúntas ar **láithreán Gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: <https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies>

Iarrtar ar iarratasóirí foirm iarratais a líonadh isteach agus CV suas chun dáta agus litir chlúdaigh a chur isteach leis. **[Iarraimid ort gach ceann de na trí dhoiciméad a chomhcheangal agus a chur isteach i bhfoirm PDF amháin](#)**

Caithfear gach ceist ar an bhfoirm iarratais a fhreagairt agus iad a chlósáil. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa ná le hiarratais san fhormáid mhícheart. Mura ndéantar, féachfar air mar iarratas neamhiomlán agus ní chuirfear san áireamh é.

Tosaigh an próiseas iarratais ar ár leathanach Folúntais.

Na céimeanna:

- Gabh chuig an leathanach Vacancies agus roghnaigh an post ar a bhfuil tú ag cur isteach.
- Léigh an Leabhrán Eolais chun sonraí uile an phoist a fháil.
- Feicfidh tú na doiciméid atá riachtanach do d'iarratas i bhfoirm nasc ar an leathanach seo.
- Cliceáil gach doiciméad agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach doiciméad a íoslódáil/a shábháil ar do ríomhaire/ar do ghléas.
- Líon isteach na doiciméid riachtanacha, agus déan **PDF** amháin de na doiciméid, do CV agus do litir chumhdaigh.
- Agus é sin déanta, fill ar shuíomh gréasáin an Ard-Mhúsaeim agus críochnaigh an próiseas iarratais.
- Arís, ón leathanach [Folúntais](#) roghnaigh an post ar mian leat cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Apply Now**.
- Líon isteach an fhoirm.
- Uaslódáil do PDF amháin.
- Déan an tseiceáil Captcha agus ansin cliceáil '**Submit Your Application**'.

Tabhair **seoladh monatóirithe bailí ríomhphoist**. Úsáidfear an seoladh ríomhphoist chun d'iarratas a admháil agus mar phríomh-mhodh teagmhála le hiarratasóirí.

An Dáta Deiridh d'Iarratais

**Ní mór iarratais a bheith faighte ar a cúig a chlog tráthnóna
Dé hAoine 4 Márta 2022.**

Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha. Cloífead go docht leis an dáta agus an am deiridh, agus mar sin is faoin iarratasóir a bheidh sé a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas sula mbeidh an t-am istigh. **Dícháileoidh canbhasáil.**